# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 175

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

Imleabhar 66

10 Iúil 2023


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1426 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2023 lena gcláraítear ainm sa chlár um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ('Sebadas/Seadas/Sabadas/Seattas/Savadas/Sevadas di Sardegna' (TGFC))** ..... 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1427 ón gCoimisiún an 4 Iúil 2023 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte** ..... 3

★ **Rialachán (AE) 2023/1428 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2023 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 a mhéid a bhaineann le monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha (E 471)** [1] ..... 6

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1429 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2023 lena bhformheastar eastóscán *Chrysanthemum cinerariaefolium* ó bhláthanna oscailte agus aibí *Tanacetum cinerariifolium* a fhaightear le dé-ocsaíd charbóin fhorchriticiúil mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** [1] ..... 12


CINNTÍ


★ **Cinneadh (EGF/2022/002 BE TNT) 2023/1430 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg (EGF/2022/002 BE TNT)** ..... 15

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1431 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2023 maidir le díolúintí ón dleacht frithdhumpála leathnaithe ar pháirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Rialacháin (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún** ..... 17


(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1432 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2023 maidir le síneadh a chur leis an ngníomhaíocht a rinne Oifig Chónaidhme na Gearmáine um Cheimiceáin lena gceadaítear an táirge bithicídeach Biobor JF a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** *(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023) 4493)* ........ 24

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1426 ÓN gCOIMISIÚN

**an 3 Iúil 2023**

**lena gcláraítear ainm sa chlár um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ('Sebadas/Seadas/Sabadas/Seattas/Savadas/Sevadas di Sardegna' (TGFC))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinneadh an~iarratas a thíolaic an Iodáil ar chlárú an ainm 'Sebadas/Seadas/Sabadas/Seattas/Savadas/Sevadas di Sardegna' a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra réasúnaithe faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ní mór an~ainm 'Sebadas/Seadas/Sabadas/Seattas/Savadas/Sevadas di Sardegna' a chlárú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá an ~ainm 'Sebadas/Seadas/Sabadas/Seattas/Savadas/Sevadas di Sardegna' (TGFC) cláraithe leis seo sa chlár um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint.

Is táirge d'aicme 2.3. atá sainithe faoin ainm atá sa chéad mhír. Arán, pastaetha, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara agus Aicme 2.5. Pasta, a liostaítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([3]).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) IO C 103, 20.3.2023, lch. 17.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Thar ceann an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1427 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 4 Iúil 2023**

**maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]) i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.

(3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, is earraí iad ba cheart a aicmiú faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.

(4) Maidir le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo, ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, is iomchuí a fhoráil go bhféadfaidh an sealbhóir an fhaisnéis sin a agairt fós, go ceann tréimhse áirithe, i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse 3 mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad faoi chuimsiú na hAinmníochta Comhcheangailte faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

*Airteagal 2*

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar í a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.
([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*

*Ar son an Uachtaráin,*

Gerassimos THOMAS

*An tArd-Stiúrthóir*

*Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim*

*IARSCRÍBHINN*

| Tuairisc ar na hearraí | Aicmiú (Cód AC) | Cúiseanna |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Leatháin chothromrollta de chruach neamh-chóimhiotail, idir 1 060 mm agus 1 250 mm ar tiús, atá tochraiste ar spóil. Tá roinnt bratuithe ar na leatháin, ar an dá thaobh.<br><br>Is éard atá sa bhratú atá i dtadhall leis an gcruach ná cóimhiotal alúmanaim agus since (tá galbhánú teothumtha déanta ar na leatháin agus tiús tuairim is 4 µm de shraith Al-Zn ar a dhá dtaobh). Tugann an bratú sin breis frithsheasmhachta don chruach in aghaidh creimeadh atmaisféarach.<br><br>Anuas ar an mbratú sin, tá brat réamhphéinte. Tá siad brataithe ar thaobh amháin díobh le brat prímeála de phéint pholaiméireach (dar tiús tuairim is 5 µm) agus le brat uachtair de phéint pholaiméireach (dar tiús tuairim is 16 µm). Ar an taobh eile, tá brat de phéint sheachtrach pholaiméireach eapocsach (dar tiús tuairim is 5 µm).<br><br>Úsáidtear na leatháin san earnáil tógála. | 7210 70 80 | Cinntear an t-aicmiú le rialacha ginearálta 1 agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, Nóta 3 a ghabhann le Roinn XV, Nóta 1 (k) a ghabhann le Caibidil 72 agus le foclaíocht na gcód AC 7210, 7210 70 agus 7210 70 80.<br><br>I bhfianaise a saintréithe oibiachtúla agus a n-airíonna oibiachtúla, comhlíonann na hearraí téarmaí cheannteideal 7210, lena gcumhdaítear táirgí cothromrollta atá cumhdaithe, plátáilte nó brataithe.<br><br>Chun críoch fho-cheannteidil cheannteideal 7210, táirgí atá faoi réir níos mó ná cineál amháin brataithe, plátála nó cumhdaigh, is de réir an phróisis dheireanaigh atá siad le haicmiú (féach Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 7210, Nótaí Míniúcháin na bhFo-cheannteideal).<br><br>Dá bhrí sin, is faoin gcód AC 7210 70 80 atá na leatháin le haicmiú, mar tháirgí cothromrollta de chruach neamh-chóimhiotail, atá 600 mm nó níos mó ar leithead, agus atá péinteáilte, vearnaiseáilte, nó brataithe le plaisteach de chineálacha éagsúla. |

**RIALACHÁN (AE) 2023/1428 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7 Iúil 2023**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 a mhéid a bhaineann le monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha (E 471)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia ([1]), agus go háirithe Airteagal 14 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(2) Féadfar na sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ar thionscnamh an Choimisiúin nó ar iarratas ó Bhallstát nó ó pháirtí leasmhar.

(3) Is substaint iad na monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha (E 471) atá údaraithe i mbianna áirithe i gcomhréir le hIarscríbhinn II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(4) An 26 Meán Fómhair 2017, d'eisigh an tÚdarás tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht ar mhonai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha (E 471) mar bhreiseáin bhia ([4]) inar thángthas ar an gconclúid nach raibh gá le hiontógáil laethúil uimhriúil inghlactha agus nach bhfuil aon ábhar imní ann ó thaobh na sábháilteachta de le haghaidh an phobail i gcoitinne nuair a úsáidtear i mbia iad. Mheas an tÚdarás go mbeadh gá le measúnú sonrach riosca ar na húsáidí i mbia le haghaidh naíonáin faoi bhun 16 seachtaine. Mhol an tÚdarás roinnt modhnuithe ar na sonraíochtaí le haghaidh an bhreiseáin bia E 471 a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012.

(5) Tar éis an tuairim eolaíoch sin a fhoilsiú, mar chuid den athmheastóireacht ar shábháilteacht na mbreiseán bia a cheadaítear i gcatagóir bia 13.1 (bia do naíonáin agus do leanaí óga) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sonraí a shonraítear i moltaí na tuairime eolaíche sin.

(6) An 29 Samhain 2018, sheol an tÚdarás glao poiblí ar shonraí teicniúla agus tocsaineolaíocha maidir leis an mbreiseán bia E 471. Leis sin, bhí na páirtithe leasmhara in ann an fhaisnéis a iarradh a sholáthar chun an measúnú riosca uaidh ar E 471 mar bhreiseán bia i mbia le haghaidh na ngrúpaí daonra uile a thabhairt i gcrích agus chun sábháilteacht a úsáide i mbia a mheas le haghaidh naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois.

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 16.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bhia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bhia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 1).

([4]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2017;15(11):5045.

(7) In 2020, bhí fógra RASFF ann maidir le torthaí i dtaobh leibhéil arda eistear glicidile d'aigéid shailleacha atá géineatocsaineach agus carcanaigineach (arna sloinneadh mar ghliciodól) a bheith sa bhreiseán bia E 471 a úsáidtear chun leathán aráin a tháirgeadh. Ar bhonn an fhógra sin agus ar feitheamh mholtaí an Údaráis chun uasteorainneacha a leagan síos le haghaidh eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha sa bhreiseán bia, rinneadh gníomhaíochtaí leantacha ar bhonn Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Braitheadh raon leathan tiúchana agus leibhéil arda eistear glicidile (arna sloinneadh mar ghliciodól) i samplaí tráchtála den bhreiseán bia a ndearna an tionscal anailís air mar fhreagairt ar an nglao ar shonraí le linn na tréimhse céanna.

(8) Ós rud é go n-údaraítear an breiseán bia E 471 ag *quantum satis* i gcatagóirí bia ar ina leith atá sé beartaithe uasleibhéil le haghaidh láithreacht eistear glicidile d'aigéid shailleacha a leagan síos nó a bhfuil siad i bhfeidhm cheana, ba cheart uasleibhéil le haghaidh eistear glicidile d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar ghliciodól) sa bhreiseán bia E 471 a bhunú chun nach gcuirfí bia neamhshábháilte ar an margadh.

(9) Sa tuairim eolaíoch uaidh an 30 Meán Fómhair 2021 ([6]), tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil cúis le hábhar imní a bheith ann maidir le sábháilteacht nuair a úsáidtear an breiseán bia E 471 i gcatagóirí bia 13.1.1 (bainne foirmle do naíonáin) agus 13.1.5.1 (bianna cothaitheacha do naíonáin chun críoch speisialta míochaine agus bainne foirmle speisialta do naíonáin) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 agus i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. Mhol an tÚdarás na sonraíochtaí reatha le haghaidh monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha (E 471), go háirithe trí na huasteoireannacha le haghaidh dúile tocsaineacha a laghdú agus lena n-áirítear uasteorainneacha le haghaidh eisíontais agus comhábhair ar ábhair imní iad ó thaobh na sábháilteachta de.

(10) I bhfianaise an mholta ón Údarás agus na n-uasleibhéal le haghaidh éilleáin áirithe i mbianna mar a leagtar amach in Rialachán (AE) 2023/915 ([7]) ón gCoimisiún, is iomchuí, dá bhrí sin, na sonraíochtaí le haghaidh monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha (E 471) a leasú. Ba cheart an sainmhíniú ar an mbreiseán bia a leasú ionas nach n-úsáidfear ach gliocról a chomhlíonann na sonraíochtaí le haghaidh an bhreiseáin bia E 422 chun an breiseán bia a tháirgeadh. Ba cheart uaschion aigéid éarúcaigh a bhunú san iontráil reatha 'Measúnacht' le haghaidh monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha (E 471). Na huasteorainneacha atá i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh arsanaice, graifíte, mearcair agus caidmiam, ba cheart iad a laghdú agus ba cheart uasteorainneacha le haghaidh na suime de 3-monaclóraprópáindé-ól (3-MCPD) agus d'eistir 3-MCPD d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar 3-MCPD), agus d'eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar ghliciodól) a bhunú i gcomhréir leis an tuairim ón Údarás. Chun nach gcuirfear san áireamh teagmháil ard leis na heisíontais sin agus leis na comhpháirteanna sin lena mbaineann ábhar imní atá mar thoradh ar thomhaltóirí leochaileacha a rinne bia ina bhfuil an breiseán bia E 471 a thomhailt, is gá uasteorainneacha níos déine le haghaidh aigéad éarúcach agus na suime de 3-monaclóraprópáindé-ól (3-MCPD) agus d'eistir 3-MCPD d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar 3-MCPD) a bhunú a bheidh infheidhme maidir le bianna do naíonáin agus do leanaí óga ([8]). Leis na huasteorainneacha sin, cuirtear san áireamh an leibhéal is féidir a bhaint amach go réasúnta faoi láthair trí dhea-chleachtais monaraíochta a chur i bhfeidhm.

(11) De réir mar a chuirtear teicnící monaraíochta nua i bhfeidhm a dtáirgtear monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha (E 471) a bhfuil leibhéil níos ísle eistear glicidile d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar ghliciodól) dá mbarr, is iomchuí idirthréimhse a thabhairt do mhonaróirí an bhreiseáin bia sin chun uasleibhéal de 5 mg/kg a bhaint amach le haghaidh eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar ghliciodól) sa bhreiseán bia E 471. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil féidearthacht ghéineatocsaineach agus charcanaigineach i gceist le heistir ghlicidile d'aigéid shailleacha, ba cheart feidhm a bheith ag 10 mg/kg mar uasleibhéal idirmheánach le haghaidh eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar ghliciodól) ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo cé is moite d'úsáid na n-eistear i mbia do naíonáin agus do leanaí óga.

---

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

([6]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(11):6885.

([7]) Rialachán (AE) 2023/915 an 25 Aibreán 2023 ón gCoimisiún maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbianna agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103).

([8]) Mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críoch speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

(12) Ós rud é nár shainaithin an tÚdarás ábhar imní láithreach ó thaobh na sláinte de atá nasctha le láithreacht dúl tocsaineach, aigéid éarúcaigh, na suime de 3-monaclóraprópáindé-ól (3-MCPD) agus d'eistir 3-MCPD d'aigéid shailleacha agus d'eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha, is iomchuí úsáid an bhreiseáin bia 'monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha' (E 471) a cheadú le linn idirthréimhse, breiseán atá curtha ar an margadh go dlíthiúil roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus é a cheadú bianna ina bhfuil an breiseán bia sin a chur ar an margadh le linn na hidirthréimhse agus iad a choinneáil ar an margadh go dtí a ndáta is fearr roimhe nó go dtí a ndáta éagtha. Mar sin féin, i bhfianaise leochaileacht na naíonán agus na leanaí óga, mura bhfuil an breiseán bia 'monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha' (E 471) ag comhlíonadh na n-uasteorainneacha le haghaidh eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha a leagtar amach sa Rialachán seo lena úsáid i mbianna do naíonáin agus do leanaí óga, níor cheart a cheadú é a chur leis na bianna sin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus níor cheart margú na mbianna sin a cheadú ach amháin i gcás inar cuireadh ar an margadh go dlíthiúil iad cheana féin roimh an dáta sin.

(13) Ar na cúiseanna céanna agus i bhfianaise ábhar laghdaithe eistear glicidile d'aigéid shailleacha an bhreiseáin bia 'monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha' (E 471), ba cheart an breiseán bia sin lena gcomhlíontar an t-uasleibhéal idirmheánach le haghaidh eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar ghliciodól) a cheadú lena úsáid go dtí go n-ídeofar na stoic agus ba cheart na bianna ina bhfuil breiseán bia den sórt sin a cheadú lena gcur ar an margadh agus lena gcoinneáil ar an margadh go dtí a ndáta is fearr roimhe nó go dtí a ndáta éagtha.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 a leasú dá réir sin.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

An breiseán bia 'monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha' (E 471) atá curtha ar an margadh go dlíthiúil roimh an 30 Iúil 2023 agus nach gcomhlíonann na huasteorainneacha le haghaidh arsanaice, graifíte, mearcair, caidmiam, 3-monaclóraprópáindé-ól (3-MCPD) agus eistir 3-MCPD d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar 3-MCPD), nó aigéad éarúcach a bheidh infheidhme ón 30 Iúil 2023, féadfar é a chur le bia i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 agus Rialachán (AE) 2023/915 go dtí an 30 Eanáir 2024.

An breiseán bia 'monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha' (E 471) atá curtha ar an margadh go dlíthiúil roimh an 30 Iúil 2023 agus nach gcomhlíonann na huasteorainneacha le haghaidh eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar ghliciodól) a bheidh infheidhme ón 30 Iúil 2023 féadfar é a chur le bia, cé is moite de bhianna do naíonáin agus do leanaí óga, i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 agus Rialachán (AE) 2023/915 go dtí an 30 Eanáir 2024.

Bianna ina bhfuil an breiseán bia 'monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha' (E 471) atá curtha ar an margadh go dlíthiúil roimh an 30 Iúil 2023 agus nach gcomhlíonann na huasteorainneacha le haghaidh arsanaice, graifíte, mearcair, caidmiam, 3-monaclóraprópáindé-ól (3-MCPD) agus eistir 3-MCPD d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar 3-MCPD), nó aigéad éarúcach a bheidh infheidhme ón 30 Iúil 2023, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh go dtí an 30 Eanáir 2024 agus féadfar leanúint dá margú go dtí a ndáta is fearr roimhe nó go dtí a ndáta éagtha.

Bianna, cé is moite de bhianna do naíonáin agus do leanaí óga ina bhfuil an breiseán bia 'monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha' (E 471) atá curtha ar an margadh go dlíthiúil roimh an 30 Iúil 2023 agus nach gcomhlíonann na huasteorainneacha le haghaidh eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar ghliciodól) a bheidh infheidhme ón 30 Iúil 2023, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh go dtí an 30 Eanáir 2024 agus féadfar leanúint dá margú go dtí a ndáta is fearr roimhe nó go dtí a ndáta éagtha.

Bianna do naíonáin agus do leanaí óga atá curtha ar an margadh go dlíthiúil roimh an 30 Iúil 2023 agus ina bhfuil an breiseán bia 'monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha' (E 471) nach gcomhlíonann na huasteorainneacha le haghaidh eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar ghliciodól) a bheidh infheidhme ón 30 Iúil 2023, féadfar leanúint dá margú go dtí a ndáta is fearr roimhe nó go dtí a ndáta éagtha.

An breiseán bia 'monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha' (E 471) atá curtha ar an margadh go dlíthiúil roimh an 30 Iúil 2023 agus nach gcomhlíonann na huasteorainneacha le haghaidh eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar ghliciodól) a bheidh infheidhme ón 30 Eanáir 2024, féadfar é a chur le bia, cé is moite de bhianna do naíonáin agus do leanaí óga, i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 go dtí go n-ídeofar na stoic.

Bianna, cé is moite de bhia do naíonáin agus do leanaí óga ina bhfuil an breiseán bia 'monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha' (E 471) atá curtha ar an margadh go dlíthiúil roimh an 30 Iúil 2023 agus go dtí an 30 Eanáir 2024 agus nach gcomhlíonann na huasteorainneacha le haghaidh eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha (arna sloinneadh mar ghliciodól) a bheidh infheidhme ón 30 Eanáir 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá margú go dtí a ndáta is fearr roimhe nó go dtí a ndáta éagtha.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Iúil 2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh an bhreiseáin bia MONAI- AGUS DÉGHLICRÍDÍ D'AIGÉID SHAILLEACHA (E 471):

## 'MONAI- AGUS DÉGHLICRÍDÍ D'AIGÉID SHAILLEACHA (E 471)

| | |
|---|---|
| **Comhchiallaigh** | |
| **Sainmhíniú** | Is éard atá i monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha meascáin de mhonai-, dé- agus trí-eistir d'aigéid shailleacha a fhaightear i mbia-olaí agus i mbiashaillte. D'fhéadfadh méideanna beaga saoraigéad sailleach agus gliocróil a bheith iontu.<br><br>Ba cheart an gliocról a úsáidtear chun monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha a mhonarú na sonraíochtaí le haghaidh E 422 a chomhlíonadh.<br>Táirgfear E 471 ó shaillte agus olaí lena gcomhlíontar ceanglais de chuid an Aontais maidir le sábháilteacht bia le haghaidh saillte agus olaí inite. |
| Einecs | |
| Ainm ceimiceach | |
| Foirmle cheimiceach | |
| Meáchan móilíneach | |
| Measúnacht | Ábhar monai- agus dé-eistear: méid nach lú ná 70 %<br>Ábhar aigéid éarúcaigh, lena n-áirítear aigéad éarúcach atá ceangailte go ceimiceach sa mhonai/déghlicríd:<br>Méid nach mó ná 0,2 % (i gcás ina gcuirtear é le bia do naíonáin agus do leanaí óga, agus sa chás sin amháin)<br>Méid nach mó ná 0,5 % (sna cásanna uile cé is moite de bhianna atá beartaithe do naíonáin agus do leanaí óga) |
| **Tuairisc** | Bíonn éagsúlacht i ndath an táirge mar leacht olúil ar a bhfuil idir dhath buí éadrom agus dhath donn éadrom nó solad crua céiriúil atá leathbhán de bheagán.<br>D'fhéadfadh na solaid a bheith i bhfoirm calóg, púdar nó coirníní beaga. |
| **Sainaithint** | |
| Speictream ionsúcháin infridheirg | Saintréith eistir polóil d'aigéad sailleach páirteach |
| Tástáil le haghaidh gliocróil | Deimhneach sa tástáil |
| Tástáil le haghaidh aigéid shailleacha | Deimhneach sa tástáil |
| Intuaslagthacht | Dothuaslagtha in uisce, intuaslagtha in eatánól agus i dtolúéin ag 50 °C |
| | |
| **Íonacht** | |
| Cion uisce | Méid nach mó ná 2 % (modh Karl Fischer) |
| Luach aigéid | Méid nach mó ná 6 |
| Gliocról saor | Méid nach mó ná 7 % |
| Polaigliocróil | Méid nach mó ná 4 % de dhéghliocról agus nach mó ná 1 % de pholaigliocróil uachtaracha a bhfuil an dá ceann acu bunaithe ar ábhar gliocróil iomláin |
| Arsanaic | Méid nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Graifít | Méid nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Mearcair | Méid nach mó ná 0,1 mg/kg |

| | |
|---|---|
| Caidmiam | Méid nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Suim de 3-monaclóraprópáindé-ól (3-MCPD) agus d'eistir 3-MCPD d'aigéid shailleacha, arna sloinneadh mar 3-MCPD | Méid nach mó ná 0,75 mg/kg (i gcás ina gcuirtear é le bia do naíonáin agus do leanaí óga, agus sa chás sin amháin)<br>Méid nach mó ná 2,5 mg/kg (le haghaidh na n-úsáidí uile cé is moite de bhianna atá beartaithe do naíonáin agus do leanaí óga amháin) |
| Eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha, arna sloinneadh mar ghliciodól | Ón 30 Iúil 2023 go dtí an 30 Eanáir 2024, méid nach mó ná 5 mg/kg i gcás ina gcuirtear é le bia do naíonáin agus do leanaí óga) agus méid nach mó ná 10 mg/kg le haghaidh na n-úsáidí eile uile.<br><br>Ón 30 Eanáir 2024, méid nach mó ná 5 mg/kg le haghaidh na n-úsáidí uile. |
| Gliocról iomlán | Méid nach lú ná 16 % agus nach mó ná 33 % |
| Luaith shulfáitithe | Méid nach mó ná 0,5 % arna cinneadh ag 800 ± 25 °C |
| Gallúnach | - |

*Tá feidhm ag critéir íonachta leis an mbreiseán atá saor ó shalainn shóidiam, photaisiam agus cailciam d'aigéid shailleacha; mar sin féin, d'fhéadfadh na substaintí sin a bheith i láthair go dtí uasleibhéal de 6 % (arna sloinneadh mar oláit sóidiam)'.*

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1429 ÓN gCOIMISIÚN

**an 7 Iúil 2023**

**lena bhformheastar eastóscán *Chrysanthemum cinerariaefolium* ó bhláthanna oscailte agus aibí *Tanacetum cinerariifolium* a fhaightear le dé-ocsaíd charbóin fhorchriticiúil mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 89(1), an tríú mír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear liosta de shubstaintí gníomhacha atá ann cheana a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu maidir lena bhformheas féideartha i dtaca lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha. Áirítear ar an liosta sin eastóscán *Chrysanthemum cinerariaefolium* ó bhláthanna oscailte agus aibí *Tanacetum cinerariifolium* a fhaightear le dé-ocsaíd charbóin fhorchriticiúil.

(2) Rinneadh meastóireacht ar eastóscán *Chrysanthemum cinerariaefolium* ó bhláthanna oscailte agus aibí *Tanacetum cinerariifolium* a fhaightear le dé-ocsaíd charbóin fhorchriticiúil i dtaca lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 (feithidicídí, acairicídí agus táirgí artrapóid eile a shrianadh), mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), ar cineál táirge é a chomhfhreagraíonn do chineál táirge 18 mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(3) Ainmníodh an Spáinn mar an Ballstát is rapóirtéir agus chuir a húdarás inniúil meastóireachta an tuarascáil mheasúnachta mar aon lena chonclúidí faoi bhráid an Choimisiúin an 1 Meán Fómhair 2010. Agus an tuarascáil mheasúnachta curtha isteach, tionóladh pléití i gcruinnithe teicniúla a d'eagraigh an Coimisiún agus, tar éis an 1 Meán Fómhair 2013, i gcruinnithe teicniúla a d'eagraigh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('An Ghníomhaireacht').

(4) Fágann Airteagal 90(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 gur cheart measúnú a dhéanamh ar shubstaintí a bhfuil meastóireacht na mBallstát curtha i gcrích ina leith faoin 1 Meán Fómhair 2013 i gcomhréir le forálacha Threoir 98/8/CE.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 75(1), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ullmhaíonn an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht maidir le hiarratais ar fhormheas substaintí gníomhacha. I gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014, ghlac an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht ([4]) an 22 Samhain 2022, ag féachaint do chonclúidí an údaráis inniúil mheastóireachta.

---

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1).

([3]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1).

([4]) *Biocidal Products Committee Opinion on the application for approval of the active substance* Chrysanthemum cinerariaefolium, *extract from open and mature flowers of* Tanacetum cinerariifolium *obtained with supercritical carbon dioxide; Product-type 18; ECHA/BPC/366/2022* [Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir le hiarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí*Chrysanthemum cinerariaefolium*, eastóscán ó bhláthanna oscailte agus aibí *Tanacetum cinerariifolium* a fhaightear le dé-ocsaíd charbóin fhorchriticiúil; Cineál táirge 18; ECHA/BPC/366/2022], arna glacadh an 22 Samhain 2022.

(6) Sa tuairim, is é conclúid na Gníomhaireachta go bhféadfar coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh táirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 ina bhfuil eastóscán *Chrysanthemum cinerariaefolium* ó bhláthanna oscailte agus aibí *Tanacetum cinerariifolium* a fhaightear le dé-ocsaíd charbóin fhorchriticiúil na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1), pointí (b), (c) agus (d), de Threoir 98/8/CE, ar choinníoll go gcomhlíonfaí coinníollacha áirithe a bhaineann lena n-úsáid.

(7) Agus tuairim na Gníomhaireachta á cur san áireamh, is iomchuí eastóscán *Chrysanthemum cinerariaefolium* ó bhláthanna oscailte agus aibí *Tanacetum cinerariifolium* a fhaightear le dé-ocsaíd charbóin fhorchriticiúil a fhormheas mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18, faoi réir coinníollacha áirithe a chomhlíonadh.

(8) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula bhformheasfar substaint ghníomhach ionas go mbeidh páirtithe leasmhara in ann na bearta ullmhúcháin is gá a dhéanamh chun na ceanglais nua a chomhlíonadh.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Eastóscán *Chrysanthemum cinerariaefolium* ó bhláthanna oscailte agus aibí *Tanacetum cinerariifolium* a fhaightear le dé-ocsaíd charbóin fhorchriticiúil, formheastar é mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

| Gnáthainm | Ainm IUPAC Uimhreacha Aitheantais | Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí ([1]) | Dáta formheasa | Dáta éaga an fhormheasa | An cineál táirge | Coinníollacha sonracha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Eastóscán *Chrysanthemum cinerariaefolium* ó dhé-ocsaíd charbóin fhorchriticiúil | Eastóscán *Chrysanthemum cinerariaefolium* ó bhláthanna oscailte agus aibí *Tanacetum cinerariifolium* a fhaightear le dé-ocsaíd charbóin fhorchriticiúil<br><br>Uimh. CE: 289-699-3<br><br>Uimh. CAS: 89997-63-7 | 100 % w/w | 1 Feabhra 2025 | 31 Eanáir 2035 | 18 | Tá údarú táirgí bithicídeacha faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:<br>(1) sa mheasúnú ar tháirgí tabharfar aird ar leith ar an risíocht, ar na rioscaí agus ar an éifeachtúlacht a bhaineann le haon úsáid a chumhdaítear le hiarratas ar údarú, ach nach dtugtar aghaidh orthu sa mheasúnú riosca ar an tsubstaint ghníomhach a dhéantar ar leibhéal an Aontais;<br>(2) sa mheasúnú ar tháirgí tabharfar aird ar leith ar na nithe seo a leanas:<br>i. úsáideoirí gairmiúla agus an pobal i gcoitinne;<br>ii. uisce dromchla agus dríodar i gcás táirgí a úsáidtear trí spraeáil ar scála mór amuigh faoin aer;<br>(3) i gcás táirgí a bhféadfadh iarmhair i mbia nó i mbeatha a theacht astu, déanfar measúnú an mbeidh gá uasteorainneacha iarmhar nua (MRLanna) a leagan síos nó an mbeidh gá na MRLanna atá ann cheana a leasú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) nó Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus déanfar aon bheart maolaithe riosca iomchuí chun a áirithiú nach sárófar na MRLanna is infheidhme. |

([1]) Ba í an íonacht a léirítear sa cholún seo íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí a ndearnadh meastóireacht uirthi. Is ceadmhach íonacht na substainte gníomhaí sa táirge a chuirtear ar an margadh a bheith cothrom léi nó éagsúil léi, má tá sé cruthaithe go bhfuil sí coibhéiseach go teicniúil leis an tsubstaint ghníomhach a ndearnadh meastóireacht uirthi.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 152, 16.6.2009, lch. 11).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

# CINNTÍ

## CINNEADH (EGF/2022/002 BE TNT) 2023/1430 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 15 Márta 2023**

**maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg (EGF/2022/002 BE TNT)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([2]), agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúraithe, sin agus cúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar fhostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 mhilliún (i bpraghsanna 2018) mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ([3]).

(3) An 18 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Bheilg iarratas isteach chun CED a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí in TNT Express ar fud an domhain (Mol Euro) SRL (TNT) sa Bheilg. Bhí faisnéis bhreise ann mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, ar faisnéis í a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Comhlíonann an t-iarratas sin na coinníollacha le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 1 956 397 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Bheilg isteach.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun úsáid a bhaint as CED, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

([1]) IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.
([2]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2023, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 1 956 397 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus ina leithreasuithe íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ó 15 Márta 2023.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 15 Márta 2023.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
R. METSOLA

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1431 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30 Meitheamh 2023**

**maidir le díolúintí ón dleacht frithdhumpála leathnaithe ar pháirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Rialacháin (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle an 10 Eanáir 1997 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a forchuireadh le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ar rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí páirteanna áirithe rothair ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chumhach, agus lena dtoibhítear an dleacht leathnaithe ar allmhairí den sórt sin a chláraítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 703/96 ([2]) agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/45 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 a mhéid a bhaineann le leathnú na dleachta frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle chun allmhairí páirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chumhdach ([3]),

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 1997 maidir le húdarú na díolúine d'allmhairí páirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ón dleacht frithdhumpála a leathnaítear le Rialachán (CE) Uimh 71/97 ón gComhairle, dleacht a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ón gComhairle ([4]), agus go háirithe Airteagail 4 go 7 de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá feidhm ag dleacht frithdhumpála maidir le hallmhairí páirteanna riachtanacha rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') ('an dleacht leathnaithe') mar gur leathnaíodh an dleacht frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí rothar de thionscnamh na Síne le Rialachán (CE) Uimh. 71/97.

(2) Faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 71/97, maidir leis an díolúine allmhairí páirteanna riachtanacha rothair nach dtéann timpeall ar an dleacht frithdhumpála, tugtar de chumhacht don Choimisiún na bearta is gá a ghlacadh chun an díolúine sin a údarú.

(3) Leagtar na bearta cur chun feidhme sin amach i Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ('an Rialachán díolúine') ón gCoimisiún lena mbunaítear an córas díolúine sonrach.

(4) Ar an mbonn sin, thug an Coimisiún díolúine do roinnt cóimeálaithe rothar ón díolúine leathnaithe ('na páirtithe díolmhaithe').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 16, 18.1.1997, lch. 55.
([3]) IO L 16, 21.1.2020, lch. 7.
([4]) IO L 17, 21.1.1997, lch. 17.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/611 ([5]) an 17 Márta 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an liosta nuashonraithe de na páirtithe atá faoi scrúdú agus an liosta de na páirtithe díolmhaithe.

(6) Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán díolúine.

## 1. **IARRATAÍ AR DHÍOLÚINTÍ**

(7) Idir an 15 Iúil 2020 agus an 1 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún iarrataí ar dhíolúintí ó na páirtithe a liostaítear i dTáblaí 1 agus 2 lena raibh an fhaisnéis is gá ag gabháil chun cinneadh a dhéanamh an féidir na hiarrataí sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán díolúine.

(8) Tugadh deis do na páirtithe a d'iarr díolúintí a mbarúlacha a chur in iúl faoi chonclúidí an Choimisiúin maidir le hinghlacthacht a n-iarrataí.

(9) Na barúlacha a fuarthas ó Decathlon Sp. z o.o. Poland maidir le dáta éifeacht fhionraí íocaíochtaí na ndleachtanna le haghaidh páirtithe atá faoi scrúdú, tugadh aghaidh orthu agus diúltaíodh dóibh in aithrisí (22) go (27) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1461 ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2022 ([6])

(10) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Rialachán díolúine, go dtí go ndearnadh cinneadh maidir le tuillteanais iarrataí ó na páirtithe a iarrann díolúine, cuireadh íocaíocht na dleachta leathnaithe i leith aon allmhaire páirteanna riachtanacha rothair a dhearbhaigh na páirtithe sin a liostaítear i dTáblaí 1 agus 2 thíos gur ceadaíodh na páirteanna sin a chur i saorchúrsaíocht ar fionraí amhail ón lá a fuair an Coimisiún a n-iarrataí cuí-réasúnaithe de bhun Airteagal 4(1) agus (2) den Rialachán díolúine.

## 2. **ÚDARÚ DÍOLÚINE**

(11) Tugadh i gcrích an scrúdú ar fhiúntais na n-iarrataí ón bpáirtí a liostaítear i dTábla 1.

*Tábla 1*

| Cód breise TARIC | Ainm | Seoladh |
|---|---|---|
| C720 | Propain Bicycles GmbH | Schachenstraße 39,<br>88267 Vogt, an Ghearmáin |

(12) Le linn an scrúdaithe a rinne an Coimisiún, maidir le luach na bpáirteanna de thionscnamh na Síne, shuigh sé gur lú ná 60 % de luach iomlán páirteanna na rothar uile a chóimeálann na páirtithe a liostaítear i dTábla 1 é an luach sin.

(13) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach dtagann oibríochtaí cóimeála an pháirtí a liostaítear i dTábla 1 faoi raon feidhme Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2016/1036.

(14) Ar an gcúis sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Rialachán díolúine, chomhlíon an páirtí a liostaítear i dTábla 1 na coinníollacha le díolúine a fháil ón dleacht leathnaithe.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/611 ÓN gCOIMISIÚN an 17 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 88/97 maidir le húdarú a thabhairt d'allmhairí páirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ón leathnú le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle ar an dleacht frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ón gComhairle (IO L 80, 20.3.2023, lch. 67), Iarscríbhinn II

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1461 ÓN Gcoimisiún an 26 Lúnasa 2022 maidir le díolúintí ón dleacht frithdhumpála leathnaithe ar pháirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Rialacháin (CE) Uimh. 88/97 (IO L 229, 5.9.2022, lch. 69)

(15) I gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Rialachán díolúine, ba cheart éifeacht a bheith ag an díolúine amhail ón dáta a gheofar an iarraidh chuí-réasúnaithe de bhun Airteagal 4(1) agus (2) den Rialachán díolúine. Mar sin, maidir leis na fiachais chustaim i leith na dleachta leathnaithe atá ar an bpáirtí a iarrann díolúine, ba cheart a mheas go bhfuil na fiachais sin ar neamhní amhail ón dáta céanna.

(16) Cuireadh an páirtí leasmhar ar an eolas maidir le conclúidí an Choimisiúin faoi fhiúntais a iarrata agus tugadh deis dó barúil a chur in iúl faoi.

(17) Ós rud é nach bhfuil feidhm ag an díolúine ach maidir leis an bpáirtí dá dtagraítear go sonrach i dTábla 1, ba cheart don pháirtí díolmhaithe fógra a thabhairt don Choimisiún ([7]) gan mhoill maidir le haon athrú ar an díolúine sin (mar shampla, tar éis athrú ar an ainm, ar an bhfoirm dhlíthiúil nó ar an seoladh nó tar éis eintitis chóimeála nua a chur ar bun).

(18) Má thagann athrú ar thagairt, ba cheart don pháirtí díolmhaithe faisnéis ábhartha a chur ar fáil, lena n-áirítear aon mhodhnú ar a ghníomhaíocht a bhaineann le hoibríochtaí cóimeála. I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh an Coimisiún na tagairtí cothrom le dáta dá réir sin.

### 3. ÍOCAÍOCHTAÍ NA NDLEACHTANNA A CHUR AR FIONRAÍ DO PHÁIRTITHE FAOI SCRÚDÚ

(19) Tá an scrúdú ar thuillteanais na n-iarrataí ó na páirtithe atá liostaithe i dTábla 2 fós ar siúl. Ar feitheamh cinneadh maidir le tuillteanais a n-iarrataí, tá íocaíocht na dleachta leathnaithe ó na páirtithe sin curtha ar fionraí.

(20) Ós rud é nach bhfuil feidhm ag an bhfionraí ach maidir leis na páirtithe dá dtagraítear go sonrach i dTábla 2, ba cheart do na páirtithe sin fógra a thabhairt don Choimisiún ([8]) gan mhoill maidir le haon athrú orthu sin (mar shampla, tar éis athrú ar an ainm, ar an bhfoirm dhlíthiúil nó ar an seoladh nó tar éis eintitis chóimeála nua a chur ar bun).

(21) Má thagann athrú ar thagairt, ba cheart don pháirtí lena mbaineann an fhaisnéis ábhartha uile a chur ar fáil, lena n-áirítear aon athrú ar a ghníomhaíochtaí a bhaineann le hoibríochtaí cóimeála. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún na tagairtí don pháirtí sin a thabhairt cothrom le dáta.

*Tábla 2*

| Cód breise TARIC | Ainm | Seoladh |
|---|---|---|
| C557 | Berria Bike S.L. | Calle Blasco de Garay 19,<br>02600 Villarrobledo, an Spáinn |
| C860 | Profil Bicycles CZ s.r.o. | Hněvotín 31,<br>783 47 Hněvotín, Poblacht na Seice |
| C863 | Decathlon Sp. z o.o. | ul. Geodezyjna 76,<br>03-290 Warszawa, an Pholainn |
| C896 | Cyclision s.r.o. | Štefánikova 68,<br>921 01 PiešŢany, an tSlóvaic |
| C991 | Bicicletas Mendiz S.A. | C/Zuazobidea 22,<br>01015 Vitoria-Gasteiz (Álava-Araba), an Spáinn |
| 899I | Adrisport sas | S.A. de Bellevue 7,<br>56390 Colpo - An Fhrainc |

([7]) Moltar don pháirtí úsáid a bhaint as an seoladh ríomhphoist seo a leanas: TRADE-BICYCLE-PARTS@ec.europa.eu.
([8]) Moltar do na páirtithe úsáid a bhaint as an seoladh ríomhphoist seo a leanas: TRADE-BICYCLE-PARTS@ec.europa.eu.

## 4. TAGAIRTÍ DO PHÁIRTITHE DÍOLMHAITHE A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA

(22) Idir an 28 Meitheamh 2022 agus an 10 Márta 2023, thug na páirtithe díolmhaithe a liostaítear i dTábla 3 fógra don Choimisiún faoi athruithe ar n-ainmneacha agus a seoltaí. Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, tháinig sé ar an gconclúid nach ndéanann na hathruithe sin difear do na hoibríochtaí cóimeála maidir leis na coinníollacha díolúine nó fionraí a leagtar amach sa Rialachán díolúine.

(23) Cé nach ndéantar difear do dhíolúine na bpáirtithe sin i dtaca leis an dleacht leathnaithe a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Rialachán díolúine, ba cheart na tagairtí do na páirtithe sin a thabhairt cothrom le dáta.

*Tábla 3*

| Cód breise TARIC | Iarthagairt | Athrú |
|---|---|---|
| C009 | Derby Cycle Werke GmbH<br>Siemensstraße 1-3<br>49661 Cloppenburg, an Ghearmáin | Athraíodh ainm agus seoladh an pháirtí seo chuig:<br>Kalkhoff Werke GmbH<br>Europa-Allee 26, 49685 Emstek, an Ghearmáin |
| A576 | Race Production NV<br>Beverlosesteenweg 85,<br>3583 Beringen, an Bheilg | Athraíodh ainm an pháirtí seo chuig:<br>Belgian Cycling Factory NV |
| A726 | Unibike OEM Factory S.A.<br>Zona Industrial de Oiã, Lote C-21,<br>3770 059 Oiã, an Phortaingéil | Athraíodh seoladh an pháirtí seo chuig:<br>Parque Empresarial de Soza B, Lt 3,4,10,11,<br>3840 342 Soza-Vagos, an Phortaingéil |

## 5. IARRAIDH AR DHÍOLÚINTÍ A MEASADH A BHEITH NEAMH-INGHLACTHA

(24) An 8 Iúil 2022, chuir an páirtí a liostaítear i dTábla 4 iarraidh ar dhíolúine isteach ach measadh go raibh sí neamh-inghlactha de réir bhrí Airteagal 4(4) den Rialachán díolúine, mar níor chomhlíon siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 4(1) agus 4(2) den Rialachán sin.

*Tábla 4*

| Ainm | Seoladh |
|---|---|
| Cycle Center 53-11 BV | Van Heemstraweg-Oost 4, 5301 KE Zaltbommel – an Ísiltír |

(25) An páirtí atá liostaithe i dTábla 4, cuireadh ar an eolas é faoi chonclúidí an Choimisiúin agus tugadh deis dó barúil a chur in iúl faoi. Ní bhfuarthas barúlacha breise faoi chonclúidí an Choimisiúin.

## 6. AN PÁIRTÍ AR INA LEITH CHÚLGHAIRTEAR AN T-ÚDARÚ DÍOLÚINE

(26) An 8 Meán Fómhair 2022, tugadh fógra don Choimisiún go raibh an páirtí díolmhaithe atá liostaithe i dTábla 5 foirceannta agus nach raibh sé i mbun gníomhaíochtaí a thuilleadh. Go háirithe, an 18 Iúil 2022 bhunaidh Cúirt na hIodáile féimheacht Cicli Elios srl.

(27) Dá thoradh sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart an t-údarú díolúine a deonaíodh do Cicli Elios srl a chúlghairm amhail ón 18 Iúil 2022, de bhun Airteagal 10 den Rialachán díolúine.

(28) An páirtí atá liostaithe i dTábla 5, cuireadh ar an eolas é faoi chonclúidí an Choimisiúin agus tugadh deis dó barúil a chur in iúl faoi.

(29) Sa bharúil a thug Cicli Elios srl, d’iarr sé ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar chúlghairm an údaraithe díolúine.

(30) Tar éis don Choimisiún an iarraidh a mheasúnú go cuí, tháinig sé ar an gconclúid nár cuireadh aon argóint nua chun tosaigh chun tacú le hathmheasúnú a dhéanamh ar na conclúidí a nochtadh roimhe seo. Dá bharr sin, deimhníodh cúlghairm an údaraithe díolúine agus cuireadh an páirtí ar an eolas dá réir.

*Tábla 5*

| Cód breise TARIC | Ainm | Seoladh |
|---|---|---|
| 8605 | Cicli Elios srl | Via G. Ferraris 996/1030, 45021 Polesine Badia (RO) - An Iodáil |

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo tugtar díolúine don pháirtí a liostaítear sa Tábla san Airteagal seo ó leathnú na dleachta frithdhumpála cinntithí ar rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, a leathnaítear le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 agus a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ar allmhairí páirteanna áirithe rothair ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

I gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 88/97 beidh feidhm ag an díolúine ón dáta a gheofar iarraidh an pháirtí. Déantar foráil maidir leis an dáta sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal ‘Dáta do ghabháil éifeachta’.

Ní bheidh feidhm ag an díolúine ach maidir leis an bpáirtí dá dtagraítear go sonrach sa Tábla san Airteagal seo.

Maidir le hathrú ar ainm nó ar sheoladh an pháirtí díolmhaithe, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi aon athrú den sórt sin agus cuirfidh sé an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil, go háirithe maidir le haon athrú ar ghníomhaíochtaí an pháirtí atá nasctha le hoibríochtaí cóimeála a mhéid a bhaineann le coinníollacha na díolúine.

**Páirtí díolmhaithe**

| Cód breise TARIC | Ainm | Seoladh | Dáta do ghabháil éifeachta |
|---|---|---|---|
| C720 | Propain Bicycles GmbH | Schachenstraße 39, 88267 Vogt - an Ghearmáin | 1.7.2021 |

*Airteagal 2*

Tá na páirtithe a liostaítear sa Tábla san Airteagal seo faoi scrúdú i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 88/97.

Maidir le híocaíocht na dleachta frithdhumpála a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 88/97, beidh feidhm aige sin ó na dátaí a gheofar iarrataí ar fhionraí ó na páirtithe féin. Déantar foráil maidir leis na dátaí sin sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal ‘Dáta do ghabháil éifeachta’.

Ní bheidh feidhm ag an bhfionraí íocaíochtaí ach maidir leis na páirtithe dá dtagraítear go sonrach sa Tábla san Airteagal seo.

Maidir le haon athrú ar oibríochtaí cóimeála a bhaineann le coinníollacha na fionraí, tabharfaidh na páirtithe faoi scrúdú fógra don Choimisiún gan mhoill maidir le haon athrú den sórt sin agus cuirfidh sé ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis ábhartha uile mar fhianaise. Áirítear leis na hathruithe sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, aon athrú ar ainmneacha, ar ghníomhaíochtaí, ar fhoirmeacha dlíthiúla agus ar sheoltaí na bpáirtithe.

**Páirtithe faoi scrúdú**

| Cód breise TARIC | Ainm | Seoladh | Dáta do ghabháil éifeachta |
|---|---|---|---|
| C557 | Berria Bike S.L. | Calle Blasco de Garay 19,<br>02600 Villarrobledo - an Spáinn | 30.3.2022 |
| C860 | Profil Bicycles CZ s.r.o. | Hněvotín 31,<br>783 47 Hněvotín, Poblacht na Seice | 20.2.2022 |
| C863 | Decathlon Sp. z o.o. | ul. Geodezyjna 76,<br>03-290 Warszawa, an Pholainn | 21.3.2022 |
| C896 | Cyclision s.r.o. | Štefánikova 68,<br>921 01 PiešŢany, an tSlóvaic | 8.8.2022 |
| C991 | Bicicletas Mendiz S.A. | C/Zuazobidea 22,<br>01015 Vitoria-Gasteiz (Álava-Araba), an Spáinn | 26.10.2022 |
| 899I | Adrisport sas | S.A. de Bellevue 7,<br>56390 Colpo, An Fhrainc | 21.4.2023 |

*Airteagal 3*

Déantar foráil maidir le tagairtí nuashonraithe do na páirtithe díolmhaithe a liostaítear sa Tábla san Airteagal seo sa cholún ar a bhfuil an ceannteideal 'Tagairt nua'. Beidh feidhm ag na nuashonruithe sin ó na dátaí dá bhforáiltear sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal 'Dáta do ghabháil éifeachta'.

Na cóid bhreise TARIC chomhfhreagracha a sannadh do na páirtithe díolmhaithe sin mar a fhoráiltear sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal 'Cód breise TARIC', ní dhéanfar athrú orthu sin.

**Páirtithe díolmhaithe/ar fionraí ar ina leith a thabharfar an tagairt cothrom le dáta**

| Cód breise TARIC | Iarthagairt | Tagairt nua | Dáta do ghabháil éifeachta |
|---|---|---|---|
| C009 | Derby Cycle Werke GmbH<br>Siemensstraße 1-3<br>49661 Cloppenburg, an Ghearmáin | Kalkhoff Werke GmbH<br>Europa-Allee 26,<br>49685 Emstek, an Ghearmáin | 1.7.2022 |
| A576 | Race Production NV<br>Beverlosesteenweg 85,<br>3583 Beringen, an Bheilg | Belgian Cycling Factory NV<br>Beverlosesteenweg 85,<br>3583 Beringen, an Bheilg | 9.2.2023 |
| A726 | Unibike OEM Factory S.A.<br>Zona Industrial de Oiã, Lote C-21,<br>3770 059 Oiã, an Phortaingéil | Unibike OEM Factory S.A.<br>Parque Empresarial de Soza B, Lt 3,4,10,11,<br>3840 342 Soza-Vagos, an Phortaingéil | 19.4.2023 |

*Airteagal 4*

An iarraidh ar dhíolúintí a chuir an páirtí a liostaítear sa Tábla den Airteagal seo isteach, tá sí neamh-inghlactha agus mar sin diúltaítear di i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (CE) Uimh. 88/97.

Beidh feidhm ag an diúltú sin ó na dátaí dá bhforáiltear sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal 'Dáta do ghabháil éifeachta'.

**Páirtithe a ndiúltaítear an iarraidh ar dhíolúine ina leith**

| Ainm | Seoladh | Dáta do ghabháil éifeachta |
|---|---|---|
| Cycle Center 53-11 BV | Van Heemstraweg-Oost 4,<br>5301 KE Zaltbommel, an Ísiltír | 28.7.2022 |

*Airteagal 5*

An t-údarú díolúine ó íocaíocht na dleachta frithdhumpála leathnaithe, cúlghairtear é i gcás an pháirtí atá liostaithe sa Tábla den Airteagal seo.

Beidh feidhm ag an cúlghairm sin ó na dátaí dá bhforáiltear sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal 'Dáta do ghabháil éifeachta'.

**An páirtí ar ina leith chúlghairtear an t-údarú díolúine**

| Cód breise TARIC | Ainm | Seoladh | Dáta do ghabháil éifeachta |
|---|---|---|---|
| 8605 | Cicli Elios srl | Via G. Ferraris 996/1030,<br>45021 Badia Polesine (RO), an Iodáil | 18.7.2022 |

*Airteagal 6*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo agus chuig na páirtithe a liostaítear in Airteagail 1 go 5 agus foilsítear é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Valdis DOMBROVSKIS
*Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin*

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1432 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7 Iúil 2023**

**maidir le síneadh a chur leis an ngníomhaíocht a rinne Oifig Chónaidhme na Gearmáine um Cheimiceáin lena gceadaítear an táirge bithicídeach Biobor JF a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023) 4493)*

**(Is é an téacs Gearmáinise amháin atá barántúil)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 55(1), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Meán Fómhair 2022, ghlac Oifig Chónaidhme na Gearmáine um Cheimiceáin ('údarás inniúil na Gearmáine') cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ionas go gceadófar an táirge bithicídeach Biobor JF a chur ar fáil ar an margadh, agus go gceadófar a úsáid ag úsáideoirí gairmiúla chun cóireáil fhrithmhiocróbach a chur ar umair bhreosla agus ar chórais bhreosla aerárthaí ón 7 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 5 Aibreán 2023 ('an ghníomhaíocht'). Chuir údarás inniúil na Gearmáine an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát eile ar an eolas faoin ngníomhaíocht agus faoin údar a bhí léi, i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an dara fomhír, den Rialachán sin.

(2) De réir na faisnéise a chuir údarás inniúil na Gearmáine ar fáil, bhí gá leis an ngníomhaíocht chun an tsláinte phoiblí a chosaint. Miocrorgánaigh, amhail baictéir, múscán agus giosta, a fhásann in uisce síothlaithe agus a úsáideann hidreacarbóin sa bhreosla atá ag an gcomhéadan breosla agus uisce chun iad féin a bheathú, is iad is cúis le héilliú miocróbach umar breosla agus córas breosla aerárthaí. I gcás nach gcuirtear cóireáil ar éilliú miocróbach umar breosla agus córas breosla aerárthaí, d'fhéadfadh mífheidhmeanna ó thaobh inneall an aerárthaigh de teacht chun cinn agus aeracmhainneacht an aerárthaigh a chur i mbaol, rud a chuirfeadh sábháilteacht paisinéirí agus criúnna i mbaol. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach éilliú miocróbach a chosc agus é a chóireáil tráth an bhraite chun fadhbanna oibríochtúla aerárthaí a sheachaint.

(3) Is iad 2,2'-(1-meitiltrímheitiléindé-ocsa)bis-(4-meitil-1,3,2-dé-ocsabóranán) (uimhir CAS 2665-13-6) agus 2,2'-ocsaibis (4,4,6-trímheitil-1,3,2-dé-ocsabóranán) (uimhir CAS 14697-50-8) na substaintí gníomhacha atá in atá in Biobor JF. Is táirge bithicídeach é Biobor JF, táirge bithicídeach de chineál táirge 6 ('leasaithigh le haghaidh táirgí le linn a stórála' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Ní dhearnadh meastóireacht ar 2,2'-(1-meitiltrímheitiléindé-ocsa)bis-(4-meitil-1,3,2-dé-ocsabóranán) agus 2,2'-ocsaibis (4,4,6-trímheitil-1,3,2-dé-ocsabóranán) i dtaca lena n-úsáid i dtáirgí de chineál táirge 6. Ós rud é nach liostaítear na substaintí sin i measc na dteaglamaí de shubstaintí/cineálacha táirgí a áirítear sa chlár athbhreithnithe an 17 Márta 2022, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún ([2]), ní luaitear iad sa chlár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Dá bhrí sin, níl feidhm ag Airteagal 89 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir leis na substaintí sin agus ní mór iad a mheasúnú agus a fhormheas sular féidir táirgí bithicídeacha ina bhfuil na táirgí sin a údarú ar an leibhéal náisiúnta freisin.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1).

(4) An 27 Márta 2023 fuair an Coimisiún iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil na Gearmáine chun síneadh a cheadú don ghníomhaíocht i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh an iarraidh réasúnaithe ar bhonn na himní atá ann go bhféadfadh an tsábháilteacht aeriompair a bheith fós i mbaol de bharr éilliú miocróbach umar breosla agus córas breosla aerárthaí, agus ar bhonn na hargóinte go bhfuil Biodor JF riachtanach chun an t-éilliú miocróbach sin a rialú.

(5) De réir na faisnéise a chuir údarás inniúil na Gearmáine ar fáil, an t-aon táirge bithicídeach malartach amháin a mhol monaróirí aerárthaí agus monaróirí inneall aerárthaí maidir le héilliú miocróbach a chóireáil (is é sin Kathon™ FP 1.5.), tarraingíodh siar ón margadh é i mí an Mhárta 2020 de bharr aimhrialtachtaí troma i bhfeidhmiú na n-inneall aerárthaí a tugadh faoi deara tar éis a gcóireála leis an táirge sin. Dá bhrí sin, is é Biobor JF an t-aon táirge amháin a mholann monaróirí aerárthaí agus monaróirí inneall aerárthaí le haghaidh na húsáide sin.

(6) Mar atá curtha in iúl ag údarás inniúil na Gearmáine, ní féidir na humair bhreosla a ghlanadh de láimh ach amháin má dhéantar sin i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra. Mar sin féin, is minic a dhéantar glantachán láimhe in éineacht le cóireáil bhithicídeach, mar a cheanglaítear le nósanna imeachta eitlíochta comhaontaithe, agus bíonn diúscairt iomlán an bhreosla eitlíochta éillithe i gceist leis sin, agus obair atá dian go fisiceach agus go meabhrach san umar breosla caol faoi go leor réamhchúraimí sábháilteachta. Dá bhrí sin, ba cheart glantachán láimhe umar breosla a sheachaint a mhéid is féidir.

(7) De réir na faisnéise a soláthraíodh don Choimisiún, tá bearta déanta ag monaróir Biobor JF ionas go mbeidh údarú ann le haghaidh an táirge. Tá coinne leis go gcuirfear iarratas isteach ar fhormheas na substaintí gníomhacha atá in Biobor JF sa chéad leath de 2024. Formheas na substaintí gníomhacha agus údarú féideartha an táirge bhithicídigh, is réiteach buan a bheadh ansin le haghaidh na todhchaí, ach bheadh gá le tréimhse ama shuntasach chun na nósanna imeachta sin a chur i gcrích.

(8) Easpa rialaithe ar éilliú miocróbach umar breosla agus córas breosla aerárthaí, d'fhéadfadh sin sábháilteacht aeriompair a chur i mbaol, agus ní féidir an baol sin a shrianadh go leordhóthanach trí tháirge bithicídeach eile a úsáid nó trí mhodh eile. Dá bhrí sin, is iomchuí cead a thabhairt d'údarás inniúil na Gearmáine síneadh a chur leis an ngníomhaíocht.

(9) Ós rud é go ndeachaigh an ghníomhaíocht in éag an 5 Aibreán 2023, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an gCinneadh seo.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an ngníomhaíocht lena gceadófar an táirge bithicídeach Biobor JF a chur ar fáil ar an margadh agus lena gceadófar a úsáid ag úsáideoirí gairmiúla chun cóireáil fhrithmhiocróbach a chur ar umair bhreosla agus ar chórais bhreosla aerárthaí, féadfaidh Oifig Chónaidhme na Gearmáine um Cheimiceáin síneadh a chur léi go dtí an 7 Deireadh Fómhair 2024.

*Airteagal 2*

Is chuig Oifig Chónaidhme na Gearmáine um Cheimiceáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige ón 6 Aibreán 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stella KYRIAKIDES
*Comhalta den Choimisiún*

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA